# Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile

| | |
|---|---|
| **Leibhéal:** An tSraith Shóisearach | **Ábhar:** Tíreolaíocht |
| **Lesson Topic**: Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile | **Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Snáithe a Trí:** Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú |

**Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Snáithe a Trí:** Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

3.7 comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha – i dtaca le comhionannas inscne, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír atá i mbéal forbartha i dtaca leis na deiseanna céanna sin
3.8 measúnú a dhéanamh ar ról an chúnaimh forbartha maidir le forbairt an duine

- Déanfaidh mic léinn comparáid idir na deiseanna saoil atá ag duine óg ón tSaimbia agus as Éirinn trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí UNDP agus HDI ón tSaimbia agus ó Éirinn agus ó theistiméireachtaí pearsanta a chloisteáil ó dhaoine óga sa tSaimbia maidir le hoideachas, comhionannas inscne, cúram sláinte agus deiseanna fostaíochta.

- Déanfaidh na scoláirí measúnú ar éifeachtacht chláir chúnaimh forbartha Chúnamh Éireann sa tSaimbia maidir le comhionannas inscne, riachtanas daonnal a laghdú, gníomhú ar son na haeráide agus rialachas neartaithe agus leis na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

**Acmhainní:** Cur i láthair a dhéanann comparáid idir Éire agus an tSaimbia agus a thugann eolas ar chlár Chúnamh Éireann sa tSaimbia, scannán 8 nóiméad darb ainm *Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile*, trí bhileog oibre.

**Fad:** 45 nóiméad (is féidir an t-ábhar a oiriúnú chun freastal ar an tréimhse ama atá ar fáil)

**Réamhrá:**
Míníonn an múinteoir go bhfuil an rang chun staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn Rialtas na hÉireann, trí Chúnamh Éireann, le heagraíochtaí comhpháirtíochta sa tSaimbia chun athrú a chur i gcrích.

**Forbairt:**

**1. Cur i láthair tosaigh**

Osclaíonn an múinteoir an cur i láthair ar an tSaimbia agus ar chlár Chúnamh Éireann sa tSaimbia (10 nóiméad). Breathnaíonn an cur i láthair ar acmhainní nádúrtha sa tSaimbia, staitisticí ó Thuarascáil um Fhorbairt Dhaonna na Náisiún Aontaithe 2019, Ambasáid na hÉireann sa tSaimbia, beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta ar a dtugtar *Domhan Níos Fearr* agus a 4 Phríomhréimse Tosaíochta.

**2. An Scannán - Éire agus an tSaimbia- Difríocht á Dhéanamh le Chéile (8 nóiméad)**

Féachann an múinteoir agus na daltaí ar ghearrscannán faoi thacaíochtaí Chúnamh Éireann do shé eagraíocht chomhpháirtíochta sa tSaimbia. Déanann na daltaí measúnú ar an gcaoi a gcuidíonn na tacaíochtaí seo le comhpháirtithe sa tSaimbia leis na 4 Phríomhréimse Tosaíochta: comhionannas inscne, riachtanas daonnal a laghdú, gníomhú ar son na haeráide agus rialachas neartaithe a bhaint amach. Moltar don mhúinteoir an scannán a stopadh idir rannóga agus na ceisteanna ar Bhileog Oibre a hAon - **Obair Bhéil Tuisceana** a chur.

**3. Gníomhaíochtaí**

**Bileog Oibre a Dó - 4 Réimse Tosaíochta - Obair Phéire / Obair Ghrúpa**

| |
|---|
| **Líon isteach Bileog Oibre a Dó le chéile. Pléigh na torthaí leis an múinteoir agus leis an ngrúpa ranga. Líon istach Bileog Oibre a Trí - Má tá am breise ar fáil, Éire, an tSaimbia agus na SFInna - Obair Phéire / Grúpa nó críochnaigh mar obair bhaile é.** |
| **Críoch:**<br><br>**Tar éis dóibh na gníomhaíochtaí a chríochnú, pléann na daltaí a gcuid torthaí leis an múinteoir agus leis an ngrúpa ranga.** |